

©Tarsila Kruse



### Bí ag smaoineamh agus ag caint

Cé na hainmhithe a fheiceann tú sa phictiúr seo?  
Conas a mhaireann ainmhithe nuair a bhíonn an aimsir fuar sa gheimhreadh?  
Cá bhfaigheann siad bia?

Nuair a thagann an geimhreadh déanann roinnt ainmhithe geimhriú.  
Céard é geimhriú?

### Bí ag léamh

Léigh an dán seo faoi gheimhriú.  
Ar mhaith leatsa geimhriú a dhéanamh?

An raibh dianghlasáil 2020 ar nós a bheith  
ag geimhriú (ach i lár an tsamhraidh)?  
Conas a chaith tusa an tréimhse sin?

#### Geimhriú

*Síneann na crainn a ngéaga  
le méanfach gíoscánach*

*Réitíonn an ghaoth  
leaba duilleog ar urlár na coille*

*Cloistear geonáil íseal  
is na hainmhithe á gcluthrú féin*

*Geimhrímis a deir siad  
Geimhrímis go socair is go sámh*

*Áine Ní Ghlinn (ón gcnuasach filíochta  
Bronntanais, Cló Mhaigh Eo)*

## Bí ag léamh agus ag éisteacht

Léigh na véarsaí seo ón amhrán

### ***Ná Dúisígí***

Éist leis an amhrán in iomláine  
ar an dlúthdhiosca

### ***Bliain na nAmhrán***

(nó ar line)

Déan pictiúr le dul leis an amhrán.  
Ansin, má tá an leabhar agat, féach ar  
an bpictiúr a rinne maisitheoir le dul  
leis an amhrán.

### ***Ná Dúisígí*** (sliocht as an amhrán)

*Ach i dtír na mbrionglóidí  
Tá an sionnach ag rith is ag spraoi  
I bhfad i bhfad ón aimsir fhuar  
Tá broc ag rás le hiora rua*

*A ainmhithe ná dúisígí  
Seo é an t-am do na brionglóidí  
Fanaigí in bhur gcodladh go fóill  
Tá an Geimhreadh ag síneadh romhainn*

*Tadhg Mac Dhonnagáin  
Bliain na nAmhrán (Futa Fata)*

## Tionscnamh

Déan liosta de na hainmhithe go léir a dhéanann geimhriú.  
Déan liosta de na hainmhithe go léir a dhéanann geimhriú sa tír seo.  
Roghnaigh ainmhí amháin. Déan tionscnamh beag ar an ainmhí sin.  
Conas a ullmhaíonn an t-ainmhí sin don gheimhriú?  
Cá gcodlaíonn sé?  
Cad a tharlaíonn dó agus é ag geimhriú?

Léirigh do thionscnamh le pictiúir.

## Bí ag scríobh

- A. Scríobh comhrá idir ainmhí a dhéanann geimhriú agus ainmhí nach ndéanann geimhriú

nó

- B. Roghnaigh ainmhí amháin a dhéanann geimhriú. Is tusa an t-ainmhí sin. Inis do scéal.

©Augusta McCabe



### **Bí ag smaoineamh/ Bí ag caint**

Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?  
Cén teideal a chuirfeá air?  
Conas a bhíonn an aimsir sa gheimhreadh?  
Céard a tharlaíonn do na crainn sa gheimhreadh?

An maith leatsa an sneachta?  
Céard a dhéanann tusa agus do chairde nuair a bhíonn sé ag cur sneachta?

### **Déan do phictiúr féin de shiúlóid gheimhridh**

### **Bí ag léamh agus ag scríobh**


Léigh an rann seo agus cuir véarsa eile leis.

*Liathróidí sneachta  
Súgradh is ag spraoi  
Béicíl is ag gáire  
Ó mhaidin go hoíche*


*Áine Ní Ghlinn*

## Bí ag scríobh

Is féidir dán faoin sneachta a scríobh isteach i gcalóg sneachta.



**Tasc 1:** Scríobh do dhán féin sa chalóg seo



**Tasc 2:** Tarraing pictiúr de chrann Nollag agus scríobh dán faoi chrann Nollag ann.